Dé Máirt 13. Meán Fómhair 2022

P9_TA(2022)0304

Tabhairt i gcrích na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2022 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle a bhaineann le tabhairt i gcrích na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (07978/2022 – C9-0181/2022 – 2022/0082(NLE))

(Toiliú)

(2023/C 125/16)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (07978/2022),

— ag féachaint do na dréachtleasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (07978/2022),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) (v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0181/2022),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0229/2022),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích na leasuithe ar an gcomhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.